



**Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council**

**Scéim do Ranníocaíocht Forbartha 2016 faoi Alt 48, An tAcht um
Forbairt agus Pleanáil 2000 (arna leasú)**

**RÁTAÍ LEASAITHE MAR THORADH AR INNÉACSÚ A BHEITH CURTHA I
BHFEIDHM LE hÉIFEACHT ÓN 1 LÚNASA 2019**

Chun críocha na Scéime do Ranníocaíocht Forbartha tá an Contae roinnte ina dhá fholimistéar agus tá muirear ar leith leagtha amach do gach limistéar. Mionsonraítear i gCuid 1 den scéim na muirir ar aonaid chónaithe agus mionsonraítear i gCuid 2 na muirir ar fhorbairt Thionsclaíoch agus Tráchtála.

Cuid 1 Aonaid Chónaithe

Muirir ar Aonaid Chónaithe i bhfolimistéar 1

Folimistéar 1. Bailte agus Sráidbhailte a bhfuil Pleananna Limistéir Áitiúil glactha acu agus gach forbairt laistigh den GTPS.

	Tuairisc	Muirear leasaithe le héifeacht ón 1 Lúnasa 2019
1a	Áineas/Taitneamhachtaí (teach aonair)	€2,152
1b	Muirear Bóithre, Cosán agus Iompair	€7.50 an m ² ar gach teach beag beann ar mhéid an tí
1c	Forbairt Pobail agus Eacnamaíochta (baineann le cúig aonad nó níos mó a fhorbairt (i limistéir LAP amháin)	€1,076 an t-aonad

Nóta 1: I gcás forbairtí i limistéir LAP ina bhfuil 5 aonad nó níos mó beidh feidhm leis an muirear ranníocáí forbartha a leagtar amach faoi 1c chomh maith leis na muirir a leagtar amach faoi 1a agus 1 b.

Muirir ar Aonaid Chónaithe i bhfolimistéar 2

Folimistéar 2. Gach limistéar eile

	Tuairisc	Muirear leasaithe le héifeacht ón 1 Lúnasa 2019
2a	Áineas/Taitneamhachtaí	€1,076
2b	Muirear Bóithre, Cosán agus Iompair	€5.50 an m ² ar gach teach beag beann ar mhéid an tí

Cuid 2 Forbairt Thionsclaíoch/Tráchtála agus Eile

Beidh forbairtí atá sa tábla seo a leanas faoi ranníoc forbartha bunaithe ar achar urláir ag an ráta a shonraítear sa tábla. Tá na húsáidí éagsúla Tionsclaíocha/Tráchtála grúpáilte de réir an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar riachtanais bhonneagar bóithre agus áineasa na bpobal ina bhfuil siad lonnaithe. Beidh ráta éagsúil i gceist i gcás an dá fholimistéar a aithníodh sa chéad chuid den scéim, is iad sin:

Folimistéar 1: Bailte agus Sráidbhailte a bhfuil Pleananna Limistéir Áitiúil glactha acu agus gach forbairt laistigh den GTPS.

Folimistéar 2: Gach limistéar eile

Forbairt Thionsclaíoch/Tráchtála agus Eile		Folimistéar 1:	Folimistéar 2:
Grúpa 1	Seamlas, Monarcha Coincréite Asfalt, Tionscal Ginearálta, Stáisiún Aistrithe Dramhaíola, Oifigí os cionn 1,000m ² , Stáisiún Peitрил/Garáiste Seirbhíse, Siopaí-Mórionad Díolachán, Iosta Breosla, Clós Dramh-mhiotail.	€21.50an méadar cearnach	€14 an méadar cearnach
Grúpa 2	Tionscal-éadrom, Tionscal-speisialta, Fiontar Eolaíocht & Teicneolaíocht-Bhunaithe, Trádstóráil, Trádstóráil Miondíola	€15 an m Méadar cearnach	€12 an méadar cearnach

Grúpa 3	Oifigí níos lú ná 1,000m², Siopa Áitiúil sa Chomharsanacht, Seirbhísí Pearsanta nó Gairmiúla, Bialann/Café, Óstán, Teach Tábhairne, Tithe Altranais, Saoráidí cónaithe, Dochtúir, Fiaclóir, Tréidliallann, Teach Tórraimh, Naíolanna/saoráidí Cúraim Leanaí, Oideachas, Ionaid Fiontair, gníomhaíochtaí a bhaineann le Turasóireacht, Lóistín, Gníomhaíochtaí Eacnamaíochta Baile-Bhunaithe, Tionscail Bia-Bhunaithe, Foirgnimh Thráchtála Áineasa, Saoráid Áineasa/Club Spóirt, Tionscal Tuaithe, Ionad Garraíodóireachta, Seamlas Beag*.	<p style="text-align: center;">€13 an méadar cearnach</p>	<p style="text-align: center;">€11 an méadar cearnach</p>
---------	--	--	--

*Is ionann Seamlais Bheaga is seamlais “*le tréachur 50 tonna in aghaidh na seachtaine*” agus sannfar iad go Grúpa 3. Tá gach Seamlas eile ag fanacht i nGrúpa 1.

Measfar aon fhorbairt nach bhfuil liostaithe sa tábla thuas a bheith i nGrúpa 2 thuas agus beidh siad faoi réir muirir a leagtar amach thuas. Ní áirítear sa bhforáil sin na tionscail seo a leanas a ndéanfar muirear a ghearradh orthu mar a leagtar amach thíos.

Líonadh talún dramhaíola, Cairéil agus Poill ghairbhéil

Toibheofar 10c an m³ den limistéar eastósctha atá le heastóscadh ar Chairéil agus ar Phoill ghairbhéil nó €18,292 an heicteár, cibé acu is mó.

Beidh líonadh talún dramhaíola faoi réir €5.50 in aghaidh gach tonna a thaiscfear. Ní bheidh ábhair thámha faoi réir ag tobhach.

D'fhéadfaí rannaíocaí speisialta maidir le dramhaíl/líonadh talún; cairéil agus poill ghairbhéil a chur i bhfeidhm faoi Alt 48 de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt agus beidh sin bunaithe ar an gcritéir seo a leanas:

- (i) Scála na forbartha beartaithe i.e. i gcás líonadh talún, an méid ábhair atá sé i gceist a thaisceadh ar an láithreán nó i gcás Cairéil agus Poill Ghairbhéil: an méid ábhair atá beartaithe a sheachadadh ar an láithreán agus a thabhairt as
- (ii) Bail an bhóthair chun na forbartha.
- (iii) Fad an bhóthair nó na mbóithre ag imeacht ón bhforbairt go dtí na bóithre áitiúla d'Aicme 1 is gaire agus atá ar bhail mhaith.
- (iv) An costas a bhaineann leis an mbóthar nó na bóithre a thabhairt chuig an gcaighdeán is gá chun forbairt a éascú agus gan tionchar diúltach a imirt ar úsáideoirí eile bóthair.
- (v) An costas a bhaineann le bearta rialaithe tráchta.
- (vi) Beidh foirgnimh atá mar chuid d'fhorbairt Líonadh Talún Dramhaíola/Cairéil agus poill ghairbhéil faoi réir fhorálacha na Scéime Ranníocaí i gcás forbairt infheidhme.

Feirmeacha Gaoithe

Beidh feidhm le muirear €10,760 in aghaidh gach acmhainneacht meigeavata.
Beidh feidhm le muirear €4,304 in aghaidh gach acmhainneacht meigeavata i gcás feirmeacha gaoithe pobail/áitiúla
Tá tuirbíní gaoithe suas le 0.5 meigeavata díolmhaithe ó ranníocaí forbartha.

Crainnte Teileachumarsáide

Beidh feidhm le muirear €21,2500 ar an gcéad chead a eiseofar do chrann agus muirearófar táille bhreise €10,760 ar gach comhlonnú ar an gcrann sin.

Cuid 3 Ranníocaíochtaí Breise

Baile Átha an Rí - gearrfar ranníoc €11 an méadar cearnach ar gach forbairt nua laistigh de limistéar LAP Bhaile Átha Rí i dtreo Bóthar Faoisimh Lasmuigh a sholáthar i mBaile Átha Rí.

Órán Mór - Gearrfar ranníoc €32,280 an 0.404 heicteár (1 acra) nó ranníoc comhréir ar gach forbairt nua laistigh de limistéar LAP Órán Mór i dtreo saoráidí áineasa agus taitneamhachtaí a sholáthar agus i dtreo scéim bóithre Chnoc Óráin. Beidh tithe aonair/síneadh ar thithe/forbairtí in áiteanna criosaithe i lár bailte díolmhaithe.

Bearna - Ranníoc €11 an méadar cearnach ar gach forbairt i dtreo saoráidí agus Taitneamhachtaí Pobail (beidh tithe aonair nó tithe athsholáthair nó síneadh ar thithe díolmhaithe)

Ranníocaíochtaí ar Fhorbairt Speisialta

Féadfar ranníocaíocht ar fhorbairt speisialta a ghearradh faoi Alt 48 den Acht, sa chás go dtabhóidh an chomhairle, mar thoradh ar shaoráid nó bonneagar poiblí sonracha a sholáthar, costais eisceachtúla nach bhfuil clúdaithe faoin scéim ranníocaíochta ginearálta. Na forbairtí a bhainfidh leas as an tsaoráid nó bonneagar poiblí i gceist agus iad sin amháin a bheidh faoi dhliteanas an ranníocaíochta ar fhorbairt speisialta a íoc. Féadfar achomharc chuig An Bord Pleanála a dhéanamh maidir le coinníollacha a fhorchuireann ranníocaí speisialta.

Páirceáil Carranna

Cuirfear páirceáil carranna ar fáil de réir na riachtanas páirceála atá leagtha amach sa Phlean Forbartha Contae / sa Phlean Limistéir Áitiúil. Beidh ranníocaíocht **€1,076 an spáis** de dhíth i leith gach spás nach gcuirfear ar fáil mar a éilítear sa Phlean i limistéir atá faoi réir ag Plean Limistéir Áitiúil.
Ní bheidh feidhm le muirir bhreise le haghaidh spásanna páirceála i sráidbhailte agus limistéir eile.

Cuid 4

Díolúintí

Faoin Scéim do Ranníocaíocht Forbartha, beidh forbairt díolmhaithe ó ranníocaíochtaí sa chás go rangáítear an fhorbairt sin mar fhorbairt atá díolmhaithe ó tháillí pleanála faoi Alt 157: Cuid 12 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 agus de réir mar a leasaítear iad. Tá Tithíocht Shóisialta agus Dheonach san áireamh san aicme díolmhaithe.

Beidh síntí ar thithe agus garáistí/seideanna teaghlaigh díolmhaithe ó Ranníocaíochtaí Forbartha.

Sa chás go moltar scartáil agus atógáil ar aonad cónaithe nua, ríomhfar muirear pro-rata ina dtarscaoilfear an céatadán de limistéar urláir an tí bhunaidh ináitrithe i gcoibhneas leis an bhforbairt nua.

Beidh láithreáin thréigthe arna liostú ar Chlár na Láithreán Tréigthe mar láithreáin a bhfuil athnuachan de dhíth orthu díolmhaithe ó Ranníocaíochtaí Forbartha.

Beidh Láithreáin Fholmha arna shainaithe faoin Acht um Athbheochan Uirbeach agus Tithe 2015 faoi réir ag laghdú 50% ar ranníocaíochtaí Forbartha iníoctha.

Sa chás go mbeidh iarratas pleanála comhdhéanta d'fhorbairt ar forbairt í, i dtuairim an Údaráis Phleanála, atá beartaithe a bheith déanta ag nó thar ceann eagraíochtaí deonacha, agus, i dtuairim an Údaráis Phleanála,

- (a) atá deartha nó beartaithe a úsáid chun críocha sóisialta, caithimh aimsire, oideachais nó creidimh ag áitritheoirí ceantair, nó ag daoine as grúpa nó sainaicme chreidimh faoi leith, agus nach bhfuil beartaithe a úsáid go príomha ar mhaithe le brabús nó gnóthachan,
 - (b) atá deartha nó beartaithe a úsáid mar cheardlann, saoráid oiliúna, brú nó lóistín eile do dhaoine faoi mhíchumas agus nach bhfuil le húsáid go príomha ar mhaithe le brabús nó gnóthachan, nó
 - (c) atá coimhdeach d'fhorbairt dá dtagraítear in alt (a) nó (b)
 - (d) Naíolanna Poiblí/Pobail
 - (e) Saoráid Áineasa phobal-bhunaithe/Club Spóirt,
- Ní bheidh ranníocaíocht forbartha le híoc ag forbairt den sórt sin.

(f) Sá chás go bhfuil iarratas pleanála comhdhéanta de sholáthar tithe, nó d'fhorbairt choimhdeach i ndáil le soláthar den sórt sin, atá beartaithe le déanamh ag nó thar ceann comhlacht atá ceadaithe chun críche Alt 6 den Acht Tithíochta (Forálacha Ilghnéitheacha), 1992 (Uimh. 18 de 1992) agus nach bhfuil le húsáid go príomha ar mhaithe le brabús nó gnóthachan, ní bheidh ranníoc forbartha iníoctha i ndáil le forbairt den sórt sin.

Beidh Forbairt Talmhaíochta díolmhaithe ó Ranníocaíochtaí Forbartha

Chun críocha na forála seo, áireofar sa sainmhíniú ar thalmhaíocht gairneoireacht, fás torthaí, fás síolta, feirmeoireacht déiríochta, póru agus coinneáil beocstoic (lena n-áirítear ainmhí ar bith a choinnítear chun bia, olann, craicne nó fionnadh a tháirgeadh, nó lena úsáid i bhfeirmeoireacht talún), traenáil capall agus tógáil stoc folaíochta,

feirmeoireacht eachaíochta, talamh a úsáid mar thalamh féaraigh, móinéir, nó saileánaigh, gairdíní margaidh agus plandlanna.

Measfar go mbeidh struchtúir thalmhaíochta ar an liosta i gCuid 3, forbairt dhíolmhaithe faoin tuath, aicmí 6, 7, 8, 9, 11, 12, 13 agus 14 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001, díolmhaithe ó ranníocaí forbartha faoin scéim seo. Measfar do bharshaothrú mar dhíolmhaithe ó ranníocaíochtaí forbartha faoin scéim seo.

Forbairt Leathanbhanda

Ní bheidh aon tobhach ranníocaíocht forbartha le híoc i ndáil leis an bhforbairt (aeróga agus crainnte) a bhaineann le rolladh amach an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda ar feadh an Chontae.

Athrú Úsáide

Sá chás go bhfuil cead le haghaidh Athrú Úsáide á lorg, tabharfar aird chuí ar aon Ranníocaíocht Forbartha a íocadh roimhe agus ní bheidh feidhm le haon tobhach breise ach amháin sa chás go mbeidh méadú suntasach ar aschur nó ar dhéine na húsáide nó sa chás go gcruthófar spás urláir comhlán nó limistéar feidhme nua.

Díolúintí i ndáil le hAthbheochan Lár Bhaile

Beidh forbairt atá comhdhéanta d'urláir uachtair foirgneamh a leasú nó a athchóiriú le haghaidh úsáidí gnó/tráchtála nó cónaithe i limistéir atá criosaithe mar "Lár an Bhaile" i bPleananna Limistéir Áitiúil díolmhaithe ó fhorálacha na Scéime do Ranníocaíocht Forbartha.

Measfar athruithe ar úsáid ar thailte atá criosaithe mar "Lár an Bhaile" laistigh de limistéir LAP, nach gcruthaíonn éileamh breise suntasach ar sheirbhísí (i.e. páirceáil carranna bhreise), mar dhíolmhaithe ó fhorálacha na Scéime do Ranníocaíocht Forbartha.

Cead Sealadach

Sa chás go dtugtar cead sealadach, beidh feidhm leis na rátaí laghdaithe seo a leanas:

33% den ghnáth-ráta ceada suas le 3 bliana

50% den ghnáth-ráta ceada suas le 5 bliana

Taifead na nDéanmhas Cosanta

Beidh gach foirgneamh agus áitreabh ar thaifead na ndéanmhas cosanta díolmhaithe ón ranníocaíocht forbartha.

Cuid 5

Athbhreithniú agus Innéacsú

Boilsciú

Déanfar coigeartú ar na rátaí le héifeacht ón 1 Aibreán gach bliain, bunaithe ar athruithe ar an Innéacs Praghsanna Mórdhíola do Thógáil agus Foirgníocht arna fhoilsiú ag an bPríomh-Oifig Staidrimh, ag tosú an 1 Aibreán 2017.

Tréimhse na Scéime ranníoca agus Athbhreithniú

Féadfaidh an Chomhairle athbhreithniú a dhéanamh ar an scéim seo ó am go ham, ag féachaint do na cúinsí a bheidh i réim an tráth sin. Déanfar athbhreithniú ar an Scéim laistigh de 7 mbliana ón dáta a nglacfar leis an Scéim seo.